C/2023/413

23.11.2023

P9_TA(2023)0062

An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a shlógadh – iarratas EGF/2022/002 BE/TNT – an Bheilg

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2023 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2022/002 BE/TNT (COM(2023)0069 – C9-0018/2023 – 2023/0031(BUD))

(C/2023/413)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0069 – C9-0018/2023),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ([1]) ('Rialachán CED'),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([2]) ('Rialachán CAI'), agus go háirithe Airteagal 8 de,

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([3]), ('IIA an 16 Nollaig 2020'), agus go háirithe pointe 9 de,

— ag féachaint don nós imeachta tríthaobhach dá bhforáiltear i bpointe 9 de IIA an 16 Nollaig 2020,

— ag féachaint do na litreacha ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0043/2023),

A. de bhrí go bhfuil ionstraimí reachtacha agus buiséadacha curtha ar bun ag an Aontas chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'oibrithe atá thíos leis na mórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda nó atá thíos leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch, agus chun cúnamh a thabhairt maidir lena n-ath-imeascadh sa mhargadh saothair; de bhrí go gcuirtear an cúnamh sin ar fáil trí thacaíocht airgeadais a thugtar d'oibrithe agus na comhlachtaí inar oibrigh siad;

B. de bhrí gur thíolaic an Bheilg iarratas EGF/2022/002 BE/TNT ar ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED), tar éis 548 n-iomarcaíocht ([4]) san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2 rannán 52 (Trádstóráil agus gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh iompair) i gcúige Liège, laistigh de thréimhse thagartha don iarratas ón 27 Márta 2022 go dtí an 27 Iúil 2022;

C. de bhrí go mbaineann an t-iarratas le 548 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht sa chuideachta TNT Express Worldwide (Euro Hub) SRL sa Bheilg (TNT Belgium); de bhrí gur tháinig deireadh le gníomhaíocht 11 oibrí idir deireadh na tréimhse tagartha agus an lá roimh ghlacadh an togra ag an gCoimisiún agus go mbeidh na hoibrithe sin incháilithe freisin do thacaíocht ó CED;

D. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED, lena gceanglaítear go gcuirfí 200 oibrí ar a laghad ar iomarcaíocht thar thréimhse thagartha 4 mhí i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe ar chuir soláthraithe agus táirgeoirí iartheachtacha ar iomarcaíocht iad agus/nó daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht;

E. de bhrí go bhfuil iomaíochas eacnamaíoch laghdaithe ag paindéim COVID-19 agus ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus go bhfuil tionchar diúltach acu ar fhás eacnamaíoch sa Bheilg;

([1]) IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([4]) De réir bhrí Airteagal 3 de Rialachán CED.

F. de bhrí go raibh ar TNT Belgium a lucht saothair a laghdú mar fhreagairt ar an gcinneadh aerfort Liège a úsáid mar mhol tánaisteach, gan naisc ach le roinnt aerfort Eorpach, agus go raibh Paris-Charles de Gaulle ina phríomh-mhol ag a mháthairchuideachta FedEx, as ar eascair ualach oibre laghdaithe agus líon laghdaithe eitiltí ag aerfort Liège; de bhrí go raibh sé d'aidhm ag na hathruithe seasamh FedEx laistigh dá earnáil an-iomaíoch ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta a neartú;

G. de bhrí gur fhógair TNT Belgium an 19 Eanáir 2021 go raibh sé ar intinn aige 671 oibrí a bhriseadh as a bpost agus conarthaí 861 oibrí eile a mhodhnú; de bhrí go ndearna an chuideachta, i gcomhréir le dlí na Beilge maidir le hiomarcaíochtaí comhchoiteanna, ionadaithe oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo d'fhonn féachaint an bhféadfaí líon na n-iomarcaíochtaí a sheachaint nó a laghdú agus na hiarmhairtí a bhaineann le cailliúint post a mhaolú; de bhrí go raibh laghdú ar líon na n-iomarcaíochtaí mar thoradh ar an nós imeachta éigeantach sin agus gur lig sé d'oibrithe iarratas a dhéanamh ar dhífhostú deonach;

H. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag an Aontas maidir leis an dlúthpháirtíocht is gá a sholáthar d'oibrithe a chailleann a bpost i dteagmhais athstruchtúraithe mhórscála trí ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus go bhfuil sé mar aidhm aige tairbhithe a ath-imeascadh go tapa, gan beann ar a náisiúntacht, i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh nó lasmuigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh, agus iad á n-ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;

I. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil de EUR 186 mhilliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán CAI;

1. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Bheilg i dteideal EUR 1 956 397 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 85 % den chostas iomlán de EUR 2 301 644, a chuimsíonn EUR 2 270 644 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 31 000 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

2. ag tabhairt dá haire gur thíolaic údaráis na Beilge an t-iarratas an 18 Deireadh Fómhair 2022, agus, tar éis don Bheilg faisnéis bhreise a sholáthar, gur chuir an Coimisiún bailchríoch ar a mheasúnú an 8 Feabhra 2023 agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an lá céanna;

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 548 n-oibrí a cuireadh ar iomarcaíocht sa chuideachta TNT Belgium; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go mbeidh 559 n-oibrí ina dtairbhithe incháilithe ar an iomlán, ós rud é gur cheart do CED tacú freisin le 11 oibrí ar tháinig deireadh lena ngníomhaíochataí idir deireadh na tréimhse tagartha agus an lá roimh ghlacadh an togra ag an gCoimisiún; á chur in iúl gur geal léi go nglacfaidh na hoibrithe iomarcacha ar fad páirt sna bearta;

4. á chur i bhfios gur grúpaí faoi mhíbhuntáiste iad sciar mór d'iarfhórsa saothair TNT Belgium, toisc go raibh poist ar bheagán cáilíochtaí ag 60 % de na hoibrithe iomarcacha agus go bhfuil beagnach leath díobh (47 %) os cionn 50 bliain d'aois; á mheabhrú go bhfuil an ráta dífhostaíochta sa Vallúin ag 8,7 % níos airde ná 2,8 % i gcomparáid leis an leibhéal náisiúnta agus go bhfuil an margadh fostaíochta i gcúige Liège, cosúil le margadh fostaíochta Hainaut, faoi mhíbhuntáiste go háirithe i gcomparáid le cúigí eile sa Vallúin;

5. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Bheilg ar sheirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe spriocdhírithe an 1 Aibreán 2022 agus go mbeidh, dá bhrí sin, tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 1 Aibreán 2022 go dtí 24 mhí tar éis don chinneadh maoiniúcháin a theacht i bhfeidhm;

6. á mheabhrú gurb é atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe ná na gníomhaíochtaí seo a leanas: faisnéis, cúnamh i gcuardach poist, lena n-áirítear peirspictíochtaí poist a shainaithint i réigiúin eile den Bhallstát lena mbaineann nó i mBallstáit eile, treoir ghairme agus cúnamh do shocrúchán seachtrach, oiliúint, (*inter alia* inniúlachtaí cothrománacha, athsciliú, uas-sciliú agus intéirneachtaí), athoiliúint agus gairmoiliúint, agus tacaíocht chun gnó a chruthú agus rannchuidiú leis sin, chomh maith le dreasachtaí agus liúntais; á chur in iúl gur geal léi go ndéanfaidh gairmithe speisialaithe cúnamh ar leith a sholáthar do dhaoine leochaileacha, gan beann ar a náisiúntacht, i gcásanna anacra shíceolaíoch, féichiúnais, nó míchumais aitheanta;

7. á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear modúl maidir leis an ngeilleagar ciorclach, a forbraíodh d'iar-oibrithe Swissport (EGF/2020/005 BE/Swissport) mar chuid den tairiscint chaighdeánach oiliúna ón tSeirbhís Réigiúnach Fostaíochta Poiblí agus Gairmoiliúna (Fóram), a bheidh á chómhaoiniú ag CSE+; á athdhearbhú, sa chomhthéacs sin, gur cheart ról tábhachtach a bheith ag an Aontas maidir leis na cáilíochtaí is gá a chur ar fáil don athrú cóir i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; ag tacú go láidir leis an bhfíoras go leanfaidh CED idir 2021 agus 2027 de dhlúthpháirtíocht a léiriú le daoine a ndearnadh difear dóibh, gan idirdhealú agus an fócas a choinneáil ar an tionchar atá ag athstruchtúrú ar oibrithe agus á iarraidh go ndéanfar comhleanúnachas beartais a uasmhéadú sna hiarratais a dhéanfar sa todhchaí;

8. ag tabhairt dá haire go mbeidh tionchar ag an gclaochlú digiteach agus glas ar mhargadh an tsaothair, go háirithe in earnáil an iompair; ba cheart aird ar leith a thabhairt, dá bhrí sin, ar an oideachas cáilithe, lena n-áirítear an ghairmoiliúint agus an córas déphrintíseachta mar a thugtar air a chur chun cinn, ar córas é a bhfuil sé léirithe go bhfuil sé éifeachtach i roinnt Ballstát;

9. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Bheilg ar chaiteachas a thabhú chun CED a chur chun feidhme an 19 Eanáir 2021, agus go mbeidh an caiteachas le haghaidh gníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe incháilithe dá bhrí sin le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón 19 Eanáir 2021 go ceann 31 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh maoiniúcháin;

10. á chur in iúl gur geal léi gur dhréachtaigh an Bheilg an pacáiste comhordaithe de sheirbhísí pearsantaithe i gcomhairle le hionadaithe tairbhithe spriocdhírithe, lena n-áirítear ceardchumainn (FGTB ([5]) agus CSC ([6])) agus comhairleoirí sóisialta a bhí in éineacht leis na hoibrithe, chun tuiscint níos fearr a fháil ar riachtanais athoiliúna oibrithe tar éis a ndífhostaithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról ríthábhachtach ag ceardchumainn na Beilge le linn na caibidlíochta maidir leis an bpróiseas iomarcaíochta; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé láithreacht ionadaithe na n-oibrithe san ionad oibre a threisiú;

11. á chur i bhfáth gur dhearbhaigh údaráis na Beilge nach bhfaigheann na gníomhaíochtaí incháilithe cúnamh ó chistí nó ionstraimí airgeadais eile an Aontais, agus go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe maidir le rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus maidir lena gcur chun feidhme;

12. á athdhearbhú nach mór nach dtiocfaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED in ionad gníomhaíochtaí a bhfuil na cuideachtaí freagrach astu, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna, nó aon cheann de liúntais nó cearta oibrithe iomarcacha, chun breisíocht iomlán an leithdháilte a áirithiú;

13. ag formheas an chinnidh atá i gceangal leis an rún seo;

14. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú in éineacht le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh dá fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

15. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

([5]) Cónaidhm Ghinearálta Saothair na Beilge
([6]) Cónaidhm na gCeardchumann Críostaí

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2022/002 BE TNT

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2023/1430.)